**Ceacht 10. AG IMIRT AR LÍNE**

**Cuspóir:**

Pléifear cluichíocht ar líne sa cheacht seo agus cuirfidh sé príobháideachas agus slándáil i láthair don dalta. Forbróidh an dalta straitéisí le haghaidh príobháideachas próifíle, roinnt faisnéise agus cén chaoi le bheith sábháilte nuair atáthar ag imirt ar líne. Gheobhaidh an dalta tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le cead a iarraidh sula gceannaíonn sé cluiche nó sula bhfaigheann sé rochtain ar cheann.

**Torthaí Foghlama:**

I ndiaidh an cheachta seo, beidh an dalta in ann:

- An tábhacht a bhaineann le faisnéis phearsanta a choinneáil príobháideach ar líne a thuiscint.
- Cásanna ina bhféadfaí a sábháilteacht a chur i mbaol a aithint le linn dóibh a bheith ag imirt cluichí ar líne m.sh. teagmháil ó strainséirí, ag imirt cluichí míchuí, ceannacháin san aip.
- Cén chaoi a bheith sábháilte a phlé nuair atá siad ag imirt cluichí ar líne chomh maith leis an tábhacht chun é a rá le duine fásta a bhfuil muinín acu as, go fiú nuair a mheasann siad go ndearna sé rud éigin mícheart.

**Naisc churaclaim:**

**OSPS Rang a Trí agus Rang a Ceathair**

**Snáithe: Mise**

**Snáithaonad: Sábháilteacht agus cosaint**

- dul i gceann tuisceana go bhfásann freagracht as sábháilteacht phearsanta de réir mar a fhásann neamhspleáchas, agus go gcaithfidh gach duine straitéis a choinneoidh slán é/í i bhfochair daoine eile a fhorbairt agus cloí lei.
- iompraíocht a roghnú atá freagrach le linn súgartha agus eolas a bheith aige/aici ar na bearta sábháilteachta cuí ba cheart a dhéanamh agus é/í ag súgradh

**Snáithaonad: Oideachas na Meán Cumarsáide**

- plé agus fiosrú a dhéanamh ar theilifís, ar raidió, ar fhíseáin, ar chluichí ríomhaire, ar an idirlíon (an gréasán domhanda agus ríomhphost) agus ar mheáin eile

**An Clár Bí Sábháilte - Rang a Trí agus Rang a Ceathair**

Is clár scileanna do shábháilteacht phearsanta é An Clár Bí Sábháilte do bhunscoileanna. Is acmhainn riachtanach é Bí Sábháilte agus ní mór é a úsáid laistigh de chomhthéacs an churaclaim OSPS chun na spriocanna bainteacha ábhair a chlúdach. Is féidir an Clár Laochra HTML seo a úsáid mar thacaíocht bhreise agus ábhar dualgais an Chláir Bí Sábháilte á theagasc.

- Topaic 1: Ag Mothú Sábháilte agus Neamhshábháilte

**AG LEANÚINT AR AGHAIGH LEIS AN gCEACHT LEIS NA LAOCHRA HTML: EAGRÁN RANG A TRÍ agus RANG A CEATHAIR**

D'fhéadfaí na téamaí agus topaicí sábháilte ar líne sa cheacht seo a úsáid mar obair leantach ó cheacht 5: M'fhaisnéis ar líne, chomh maith le gníomhaíochtaí breise ceachta anseo:
https://www.webwise.ie/lessons/5-my-information-online/

**Acmhainní a bheidh ag teastáil:**

- Ríomhaire ceangailte le teilgeoir/clár bán
- Liathróid bhog
- Bileog Ghníomhaíochta 1: Príomhleideanna Archie agus Ruby maidir le bheith ag Imirt Cluichí ar Líne
- Bileog Ghníomhaíochta Iomlánach Ticéad Imeachta Emoji

- Gearrscéal Laochra HTML: Tá '*Archie Plays Robo Warrior*' ar fáil ar https://www.webwise.ie/html-heroes/

**Modheolaíochtaí:**

Plé, caith an liathróid, scéalaíocht, rólimirt, obair ghrúpa

**Nóta don mhúinteoir:**


Is deacair coincheap an phríobháideachais a thuiscint ina iomláine. Go fiú i measc daoine fásta is annamh go mbíonn comhaontú ann faoi shainmhíniú faoi leith lena aghaidh. Cuirfidh na gníomhaíochtaí seo an dalta ag plé na tábhachta a bhaineann le faisnéis phearsanta a choinneáil príobháideach ar líne. Tar éis dó an ceacht seo a chríochnú, ba cheart dó a bheith feasach maidir le nádúr an phríobháideachais agus go mbeadh sé in ann an t-eolas seo a úsáid ina shaol féin.

**Stór focal tábhachtach:**

- **Ceannacháin san Aip** - nó íoc le himirt mar a thugtar air freisin: Is iomaí cluiche ar líne atá saor in aisce le híoslódáil. Mar sin féin, féadann na cluichí sin feidhmeanna breise a thairiscint a luaithe a bhíonn an cluiche beo agus is féidir le húsáideoirí iad a cheannach. De ghnáth, ceannaíonn úsáideoirí ábhar nó gnéithe speisialta in aipeanna, cosúil le leibhéil srianta, airgead fíorúil, carachtair speisialta, neartaithe, etc. Is iondúil gur costais fholaithe iad a fhaightear in aipeanna atá "saor in aisce". Is furasta d'imreoirí ligean do bhillí méadú gan chuimhneamh de bharr a bheith ag imirt na gcluichí sin. D'fhonn é sin a sheachaint, ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí a chinntiú go bhfuil pasfhocal acu ar a nguthán/ngléas le haghaidh ceannachán san aip nó go gcuirfidh siad an rogha sin as ar an nguthán/ngléas; is gnách go ndéantar é sin i socruithe an ghutháin/na haipe.
- **Cluichíocht ar líne -** ag imirt físchluichí ar líne. Áirítear leis seo cluichí ar líne nó aipeanna gur féidir a íoslódáil ar ghutháin chliste nó ar chonsóil cosúil le PlayStation nó Xbox.
- **Faisnéis Phearsanta -** Is éard atá i gceist anseo ná faisnéis a d'fhéadfaí a úsáid le tú a aithint, mar shampla d'ainm, do sheoladh baile, d'uimhir theileafóin, d'aois,

an chuma atá ort, do chuid spéiseanna. Is í ár bhfaisnéis phearsanta a dhéanann uathúil muid. Ó tharla go bhfuil an fhaisnéis seo speisialta, ba cheart dúinn a bheith cúramach faoi na daoine a roinnimid leo í nuair a chasann muid le daoine ar líne agus san fhíorshaol. Ba cheart go molfaí do dhaltaí gan í a roinnt riamh gan cead a thuismitheora nó a chaomhnóra a fháil ar dtús.

- **Rátáil -** bealach chun rangú/rudaí a chur in ord ar scála, sa chás seo, ag tagairt d'aipeanna agus do chluichí. Tá sé riachtanach i go leor seirbhísí, aipeanna, ceol agus scannáin, rátáil aoise a lua go soiléir ar an gclúdach. Is bealach úsáideach é seo sainaithint cén lucht féachana agus aoisghrúpa a bhfuil an táirge sábháilte agus feiliúnach dóibh. Úsáidtear an ráta PEGI san Eoraip is mó d'aipeanna cluichí. **Cuireann an ráta PEGI san áireamh oiriúnacht an chluiche maidir le haois, ní an leibhéal deacrachta.** Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na rátálacha seo anseo: https://pegi.info/what-do-the-labels-mean




- **Tuarascáil -** is cnaipe tuairiscithe nó gné a chuireann ar do chumas tuairisciú go díreach do mhodhnóir an chluiche má fheiceann tú rialacha á mbriseadh nó drochábhar. Agus mí-úsáid á tuairisciú, déan cinnte an comhrá é féin a thuairisciú, teachtaireacht phríobháideach, cluiche nó ábhar eile a sháraíonn na rialacha.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN CHEACHTA:

### GNÍOMHAÍOCHT 1: AG IMIRT AR LÍNE

**Céim 1.** Tá ceacht an lae inniu le cur i láthair faoi chluichíocht ar líne agus mínigh do na daltaí go bhfuilimid le breathnú ar na buntáistí a bhaineann le bheith ag imirt cluichí ar líne agus cén chaoi ar féidir le duine taitneamh a bhaint astu chomh maith le bheith sábháilte le linn do dhuine a bheith á n-imirt. Iarr ar na daltaí seasamh nó suí i gciorcal. Mínigh do na daltaí go bhfuil tú chun an liathróid a chaitheamh nó a rolladh chuig dalta agus ceist a chur ar an dalta céanna. Caithfidh an dalta a bhfuil a liathróid aige freagra amháin a thabhairt ar an gceist agus ansin an liathróid a phasáil chuig dalta eile. Caithfidh an faighteoir breith ar an liathróid agus freagra eile a thabhairt ar an gceist chéanna. Má tá dalta míchompordach ag tabhairt freagra ar cheist, is féidir leis an liathróid a phasáil, agus fios acu go dtiocfaidh an liathróid ar ais chucu faoi dheireadh. Is í an cheist an babhta seo ná *ainmnigh cluiche is maith leat a imirt agus luaigh rud amháin a thaitníonn leat agus tú ag imirt an chluiche sin?* Mínigh go bhféadfá an liathróid bhog a thógáil am ar bith chun ceist nua a chur agus babhta nua a thosú.

**Céim 2.** Tosaigh an babhta deireanach leis an gceist; *ainmnigh buntáiste nó rud maith amháin a bhaineann le cluichí a imirt.* Nuair atá deireadh tagtha leis an gcluiche agus nuair atá na daltaí ina suí ina suíocháin, abair leo gur féidir le cluichí a bheith spraíúil agus

siamsúil; ligeann siad duit do shamhlaíocht a chur ag obair chun domhain agus carachtair a chruthú agus chun scéalta a insint; spreagann siad thú le bheith ag smaoineamh go cruthaitheach agus le fadhbanna a réiteach; tugann siad deis duit a bheith ag imirt le daoine eile agus a bheith ag foghlaim le hoibriú le chéile mar fhoireann. Sa cheacht seo táimid chun breathnú air seo agus ar an gcaoi ar féidir le duine a bheith sábháilte agus na cluichí cuí a roghnú chun gur féidir linn taitneamh a bhaint as cluichí a imirt ar líne.

**GNÍOMHAÍOCHT 2: LAOCHRA HTML – GEARRSCÉAL**

**Céim 1.** Taispeáin gearrscéal na Laochra HTML: *"Archie Plays Robo Warriors'* ar an gclár bán agus tú ag léamh tríd an scéal.

**Céim 2.** Nuair atá tú críochnaithe ag léamh an scéil, téigh trí na ceisteanna i gcomhair plé chun cúnamh a thabhairt do na daltaí machnamh a dhéanamh ar an gcás faoi shábháilteacht ar líne agus ar theachtaireachtaí sábháilteachta a pléadh sa scéal.

**Imríonn Archie *Robo Warriors* - Ceisteanna i gcomhair Plé:**

1. Cén fáth nach raibh cead ag Archie *Magician of Doom* a imirt?

2. Cén chaoi ar mhothaigh Archie nuair a bhí an strainséir ag cur an t-uafás ceisteanna pearsanta air?

3. (a) Cén fáth a raibh mothúchán aisteach ina bholg, meas tú?

(b) An airíonn tú faiteach nó imníoch riamh? Céard a tharlaíonn duit? Céard iad na cineálacha rudaí is féidir leat a dhéanamh má tá tú ag aireachtáil imníoch nó faiteach?

4. Céard a dúirt máthair Archie nuair a mhínigh sé di céard a tharla?

5. Céard é an ceacht mór a d'fhoghlaim Archie sa scéal?

**GNÍOMHAÍOCHT 3: DIANCHEISTIÚ AR ARCHIE**

**Céim 1.** Mínigh do dhaltaí go gcuirfear agallamh diancheistiú ar charachtar Archie sa scéal *Archie plays Robo Warriors* chun an cás ar chríochnaigh sé suas ann a fhiosrú tuilleadh, déan machnamh ar an gcaoi a raibh sé ag aireachtáil agus breathnaigh ar an gcás dearfach a d'fhéadfadh a bheith baolach agus neamhshábháilte ina raibh sé ar líne. Socraigh na daltaí i gciorcal agus cuir suíochán te amháin ina lár. Pioc dalta amháin le carachtar Archie a ghlacadh chun suí sa suíochán té. ***Ionas nach gcuirfear isteach ar dhaltaí leochaileacha agus diancheistiú á dhéanamh orthu, is féidir leat tú féin, mar mhúinteoir, a chur sa suíochán té ag glacadh ról Archie.**

**Céim 2.** Cuirfidh an chuid eile den rang ceisteanna deacra le chéile do charachtar Archie sa suíochán te. Iarr ar dhaltaí cuimhneamh ar na hiarmhairtí dearfacha agus ar an hiarmhairtí baolach agus neamhshábháilte a d'fhéadfadh a bheith ann agus iad ag scríobh a gceisteanna ach ceisteanna leide a úsáid ar nós:

- Céard a chuir Archie ag aireachtáil go raibh rud éigin mícheart agus é ag caint le 'Jack'?
- Ar chuidigh sé le hArchie labhairt lena mham?
- Ar cheart d'Archie *Robo Warriors* a imirt go deo arís?
- Céard a d'fhoghlaim Archie faoi bheith ag imirt ar líne?

De rogha air sin, d'fhéadfaí na ceisteanna thuas a bheith priontáilte amach roimh ré agus faoi réir ag na daltaí. Cuirtear an dalta nó an múinteoir atá ag glacadh ról Archie sa suíochán te agus ceistíonn na daltaí eile é. Is féidir leis seo cúnamh a thabhairt do dhaltaí comhbhá a aireachtáil d'Archie sa chás seo.

**Céim 3** D'fhéadfaí mioncheistiú a dhéanamh ina dhiaidh sin ina bhfiafrófaí do dhalta céard a d'fhoghlaim sé, céard ar chuir siad suim ann agus an mbeadh aon cheo le rá acu i gcoinne rud ar bith a dúirt an duine faoi dhiancheistiú. Cuir i gcuimhne do na daltaí:

- Is éard atá i gceist le faisnéis phearsanta ná faisnéis a d'fhéadfaí a úsáid le tú a aithint, mar shampla d'ainm, do sheoladh baile, d'uimhir theileafóin, d'aois, an chuma atá ort, do chuid spéiseanna.
- Is í ár bhfaisnéis phearsanta a dhéanann uathúil muid.
- Ó tharla go bhfuil an fhaisnéis seo speisialta, ba cheart dúinn a bheith cúramach faoi na daoine a roinnimid leo í nuair a chasann muid le daoine ar líne agus san fhíorshaol.
- Ba cheart go molfaí do dhaltaí gan í a roinnt riamh gan cead a thuismitheora nó a chaomhnóra a fháil ar dtús.

**GNÍOMHAÍOCHT 4: PRÍOMHLEIDEANNA ARCHIE AGUS RUBY DON IMIRT AR LÍNE.**

**Céim 1.** Dáil Bileog Ghníomhaíochta 1 ar na daltaí lena comhlánú. Léigh tríd an mbileog ar dtús leis na daltaí agus ansin tabhair cúig nóiméad dóibh í a chur i gcrích. Mol do dhaltaí a d'fhéadfadh gan a bheith in ann na focail a scríobh líne a tharraingt chuig an bhfocal ceart meaitseála.

**Céim 2.** Nuair atá na focail chearta meaitseáilte ag na daltaí ar an mBileog Ghníomhaíochta téigh trí na freagraí agus na príomhleideanna leis an dalta lena dtuiscint a sheiceáil ar fhocail nua a cuireadh i láthair sa cheacht seo.

**Céim 3** Ar deireadh, dáil an Bhileog Oibre don Bhaile agus téigh tríthi leis na daltaí. Abair leis na daltaí go bhfuil rannóg ann le léamh ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí ionas go mbeidh siad ar an eolas faoin méid a d'fhoghlaim a bpáiste inniu sa rang agus go bhfuil rannóg ann le haghaidh daltaí a bhfuil gníomhaíocht don bhaile inti le cur i gcrích mar obair bhaile. Cuir i gcuimhne don dalta go bhfuil a thuismitheoirí/chaomhnóirí leis an mbileog a shíniú nuair atá an ghníomhaíocht curtha i gcrích acu agus í léite acu.

## Gníomhaíocht 5: Machnamh

**Céim 1.** Bain úsáid as an mBileog Ghníomhaíochta Iomlánach (Ticéad Imeachta Emoji) atá curtha ar fáil agus iarr ar dhaltaí rud amháin a scríobh síos a d'fhoghlaim siad faoi bheith ag imirt ar líne inniu. Iarr ar na daltaí a bhfreagraí ar cheisteanna a roinnt agus achoimre a dhéanamh leis na pointí seo a leanas:

- Tá sé spraíúil a bheith ag imirt cluichí ar líne agus is féidir scileanna tábhachtacha cosúil le neartú foirne agus scileanna réiteach fadhbanna a fhorbairt a bhuí leo.

- Is iomaí rogha atá ann maidir le cluichí a imirt agus daoine a d'fhéadfá bualadh leo agus mar sin, tá sé tábhachtach a bheith sábháilte agus tú ag imirt cluichí ar líne.
- Seo duit cúpla leid a chabhróidh leat é seo a bhaint amach:
  - Seiceáil rátáil aoise an chluiche i gcónaí sula n-imríonn tú é.
  - Coinnigh do phróifíl príobháideach agus ná húsáid grianghraif chearta ná d'ainm iomlán.
  - Ná tabhair faisnéis phearsanta do dhaoine nach bhfuil aithne phearsanta agat orthu.
  - Is a bhuí le do phasfhocal a choinnítear do chuid faisnéise pearsanta sábháilte ar líne - Coinnigh príobháideach í agus ná roinn ach le do thuismitheoirí/chaomhnóirí í.
  - Má fheiceann tú drochrudaí nó rialacha á mbriseadh, déan é a thuairisciú.
  - Ná ceannaigh cluiche ná íoc as aon rud sa chluiche riamh gan cead a fháil ó do thuismitheoirí/chaomhnóirí ar dtús.
- Labhair le do dhaltaí faoin tábhacht a bhaineann le cead a iarraidh sula n-íoslódálann siad cluiche. Spreag iad chun é a rá i gcónaí le tuismitheoir/caomhnóir nó duine fásta a bhfuil muinín acu ann má tharla rud éigin ar líne, fiú nuair a mheasann siad gur féidir go ndearna siad rud éigin mícheart.
- Bí ar an eolas go bhféadann cluichí 'saor in aisce' ar líne feidhmeanna breise a thairiscint a luaithe a bhíonn an cluiche beo agus is féidir le húsáideoirí iad a cheannach. De ghnáth, ceannaíonn úsáideoirí ábhar nó gnéithe speisialta in aipeanna, cosúil le leibhéil srianta, airgead fíorúil, carachtair speisialta, neartaithe, etc. D'fhéadfaí go mbeadh go leor airgid le híoc ag úsáideoirí sna cluichí seo i ngan fhios dóibh féin.

An Roinn Oideachais
Department of Education
PDST Professional Development Service for Teachers | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
Co-financed by the Connecting Europe Facility of the European Union
Safer Internet Day